**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 19 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État — an Bheilg) — Pesticide Action Network Europe, Nature et Progrès Belgique ASBL, TN v État belge**

**(Cás C-162/21** [1]**, Pesticide Action Network Europe agus Páirtithe eile)**

***(Tarchur chun réamhrialú – An Comhshaol – Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 – Táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh – Airteagal 53(1) – Cásanna práinneacha a bhaineann le cosaint plandaí – Maolú – Raon feidhme – Síolta atá cóireáilte le táirgí cosanta plandaí – Neoinicitionóidigh – Substaintí gníomhacha lena mbaineann ardrioscaí do bheacha – Toirmeasc ar shíolta atá cóireáilte le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha den sórt sin a chur ar an margadh agus a úsáid lasmuigh – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/784 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/785 – Neamh-infheidhmeacht an mhaolaithe – Sláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus an comhshaol a chosaint – Prionsabal an réamhchúraim)***

(2023/C 83/05)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Pesticide Action Network Europe, Nature et Progrès Belgique ASBL, TN

*Cosantóir:* État belge

*Idiragraithe:* Sesvanderhave SA, Confédération des Betteraviers Belges ASBL, Société Générale des Fabricants de Sucre de Belgique ASBL (Subel), Isera & Scaldis Sugar SA (Iscal Sugar), Raffinerie Tirlemontoise SA

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le hAirteagal 53(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní cheadaítear do Bhallstát údarú a thabhairt chun táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh chun críche cóireála síolta ná chun síolta atá cóireáilte leis na táirgí sin a chur ar an margadh agus a úsáid, i gcás ina bhfuil toirmeasc sainráite ar shíolta atá cóireáilte leis na táirgí céanna sin a chur ar an margadh agus a úsáid i Rialachán Cur Chun Feidhme.

(1) IO C 242, 21.06.2021